

Cad is achomharc i leith boige mhíchuí ann?

- Is é is achomharc i leith boige mhíchuí nuair a chreideann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go raibh an phianbhreith a gearradh ar dhuine ciontaithe i do chás róbhog agus gur chuir sé achomharc isteach.
- Beidh an Rannán Achomharc ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag déileáil leis an achomharc seo i gcoinne boige mhíchuí.
- Cé gur féidir le duine ciontaithe atá sa phríosún iarratas a dhéanamh ar bhannaí agus é nó í ag fanacht leis an achomharc, ní rómhinic a cheadaítear bannaí. Má cheadaítear bannaí, ní dhéantar amhlaidh ach i gcásanna eisceachtúla.
- Socrófar dáta don éisteacht nuair a bheidh an páipéarachas ar fad curtha i gcrích ag ár nOifig.
- Léifidh breithiúna na Cúirte Achomharc an taifead scríofa (na tras-scríbhinní) ón mbuntriall, lena n-áirítear Ráitis Tionchair Íospartaigh ar bith a rinne tú, ionas go dtuigfear cúiseanna bhreitheamh na trialach leis an bpianbhreith a thabhairt.

Cad a bheidh i gceist ag éisteacht chúirte

- Ní chaithfidh tú freastal ar éisteacht an achomhairc, ach is féidir leat freastal uirthi más mian leat.
- Coinneoidh an Garda iniúchta ar an eolas thú faoin achomharc.
- Is féidir leis an nGarda iniúchta cruinniú a eagrú leis an abhcóide ionchúisimh agus aturnae roimh éisteacht an achomhairc más mian leat é sin a dhéanamh.
- Éistfidh trí bhreitheamh an t-achomharc a bheidh ina suí sa Chúirt Achomharc (Coiriúil) a shuíonn sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mBaile Átha Cliath de ghnáth.
- Ar dháta na héisteachta, éistfidh na trí bhreitheamh aighneachtaí dlíthiúla ón bhfoireann ionchúisimh agus ón bhfoireann chosanta araon.
- Is annamh go nglaofer ar fhinnéithe ar bith chun fianaise a thabhairt ag an éisteacht seo.
- Ní mheasfaidh na breithiúna go bhfuil pianbhreith ‘robhog’ ach sa chás go gcreideann siad go raibh breitheamh na trialach mícheart de réir an dlí pianbhreith chomh bog sin a thabhairt.
- Má theastaíonn níos mó ama ó na breithiúna chun an cás a bhreithniú, tiocfaidh siad le chéile ar dháta eile lena mbreithiúnas a thabhairt.
- Féadfaidh na breithiúna an phianbhreith a mhéadú nó gan í a athrú ar chor ar bith.

Cé leis le teagmháil a dhéanamh má bhíonn tuilleadh fiosruithe agat

- Má bhíonn tuilleadh fiosruithe agat, déan teagmháil le do thoil leis an nGarda iniúchta a chuirfidh fiosruithe ar bith ar aghaidh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.